**Ag úsáid an Chreatlach Foghlama Digití ar mhaithe le Teicneolaíochtaí Digiteacha a neadú í do Shuíomh Scoile**

# Ceisteanna leide: Fís a fhorbairt don fhoghlaim dhigiteach i do scoil

**Bealaí éagsúla a d'fhéadfadh foghlaimeoirí teicneolaíochtaí digiteacha (TD) a úsáid chun:**

- Cineálacha nua foghlama agus comhoibrithe a oscailt chun tacú le bealaí éagsúla foghlama.
- Áthas, sásamh, díograis agus rath a mhothú maidir lena n-oideachas agus a bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.
- Páirt ghníomhach a ghlacadh san fhoghlaim – ar scoil agus taobh amuigh den scoil.
- Úinéireacht a ghlacadh as a bhfoghlaim féin – lena n-áirítear an cumas a bheith ina bhfoghlaimeoir féin-stiúrtha, ina gcinnteoir, agus ina mbainisteoir ar thosaíochtaí taobh istigh agus taobh amuigh den scoil.
- Spriocanna foghlama pearsanta a bhaint amach agus rath a bheith orthu i ngníomhaíochtaí foghlama.

**Bealaí éagsúla a d'fhéadfadh múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun:**

- Ról atá níos éascaithí a ghlacadh, treoir agus aiseolas ina bhfuil an foghlaimeoir lárnach a chur ar fáil, agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí iniúchta agus gníomhaíochtaí a bhaineann le foireann a neartú le foghlaimeoirí níos minice.
- Tacú le próiseas iniúchta agus cur ar chumas na bhfoghlaimeoirí oibriú ar fhadhbanna réadúla casta a réiteach trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí tionscadalbhunaithe a mbaineann raon leathan taobh amuigh den seomra ranga leo chomh maith.
- Tacú le foghlaimeoirí le bheith cruthaitheach agus nuálach ionas go mbeidh siad páirteach i mbainistiú a spriocanna agus a ngníomhaíochtaí féin.
- Úinéireacht a ghlacadh as a bhfoghlaim ghairmiúil féin agus, nuair is cuí, pobail foghlama ina mbaintear leas forleathan as na teicneolaíochtaí ina n-obair a fhorbairt agus páirt a ghlacadh iontu.

**Bealaí éagsúla a d'fhéadfadh an scoil teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun:**

- Beartais agus nósanna imeachta atá slán agus eiticiúil a fhorbairt d'úsáid teicneolaíochtaí digiteacha a leanfaidh gach ball de phobal na scoile.
- Na caidrimh atá acu leis an bpobal níos leithne a neartú, ar leibhéal áitiúil agus domhanda, agus níos mó teagmhála a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le scoláirí sa bhaile ag baint úsáid as na teicneolaíochtaí digiteacha.
- Tacú le cuimsitheacht agus leis na riachtanais foghlama aonair a bhíonn ag gach scoláire.
- Tacú leis an bhfís atá ann cheana do nósanna imeachta foghlama, teagaisc agus measúnaithe sa scoil.